

Áis do na Seisiúin Eolais ar

O.S.I.E.

(Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta)

Plandaí an Talaimh

Pictiúir de Phlandaí

Mura bhfuil foinse eile luaite, is ó <http://www.wildflowersofireland.net> a tháinig na híomhánna, le caoinchead ó Zoë Devlin.

An Plúirín Sneachta



<http://www.wildflowersofireland.net>

An Fearbán



<http://www.wildflowersofireland.net>

Lus an Chromchinn



<http://www.dartmoorcarn.co.uk>

Bainne Bó Bleachtáin *(Cowslip)*



<http://www.wildflowersofireland.net>

An Sabhaircín



<http://www.wildflowersofireland.net>

Fraoch



<http://www.wildflowersofireland.net>

An Nóinín



<http://www.wildflowersofireland.net>

Aiteann




<http://www.wildflowersofireland.net>

Raithneach (Fern)



<http://www.wikipedia.org>

Buachalán Buí (Ragwort)



<http://www.wildflowersofireland.net>

Dris (Bramble/Briar)



<http://www.wildflowersofireland.net>

Copóg (Dock)



<http://www.ga.wikipedia.org>

<http://www.wildflowersofireland.net>

Neantóg (Nettle)



<http://www.wildflowersofireland.net>

An Magairlín Meidhreach (Early Purple Orchid)



<http://www.wildflowersofireland.net>

Deora Dé/Fiúise (Fuchsia)



<http://www.silverinktree.com>

Coinnle Corra



<http://www.wildflowersofireland.net>

Rabhán/Nóinín an Chladaigh

(Thrift/Sea Pink)



<http://www.wildflowersofireland.net>

Biolar Greagáin

(Lady's Smock)



<http://www.wildflowersofireland.net>

Seamair Bhán


(White Clover)



<http://www.wildflowersofireland.net>

Mórán Gaelach

(Irish Saxifrage)



<http://www.wildflowersofireland.net>

Ruithéal Rí

(Herb Robert)



<http://www.wildflowersofireland.net>

Méaracán Gorm/ Méaracán Púca

(Harebell)



<http://www.globalforestwatch.ca>

<http://www.wildflowersofireland.net>

Lus an Sparáin

(Shepherd's Purse)



<http://www.wildflowersofireland.net>

Cuilleann Trá

(Sea Holly)



<http://www.wildflowersofireland.net>

Eolas agus Gníomhaíochtaí Samplacha

An Sabhaircín

Cur Síos

Fásann an sabhaircín i gcoillte, i bpáirceanna, ar thaobh an bhóthair, ar aillte agus ar shléibhte.

Bíonn sé faoi bhláth san earrach (Feabhra go hAibreán) ach uaireanta bláthaíonn sé níos luaithe sa bhliain. Is minic a fhéachann daoine ar an sabhaircín mar chomhartha go bhfuil an geimhreadh thart.

Dath buí éadrom a bhíonn ar na bláthanna le dath buí níos troime sa lár.

Tá cumhrán deas fionnuar uathu.

Tá an sabhaircín gaolta leis an mbainne bó bleachtáin.



Íomhá:

<http://www.wildflowersofireland.net>

Eolas Spéisiúil Eile

Tá nós ag daoine sabhaircíní a phiocadh agus iad a chur **i vása beag i lár an bhoird**.

Más mian leat sabhaircíní a thabhairt do do ghrá geal níor chóir duit ceann amháin a thabhairt dó/di óir tharraingeodh sé sin mí-ádh air/uirthi. Ba chóir duit **dornán sabhaircíní** a thabhairt dó/di!

Chreid daoine go raibh sabhaircíní in ann an t-im agus an bainne a chosaint ó **na síoga** agus, dá bhrí sin, chuir siad sabhaircíní ar an tairseach agus ar úthanna (*udders*) na mbó Lá Bealtaine.

De réir an tseanchais, is féidir **an phian ó thinneas fiacaile** a laghdú le sabhaircín.

Baineadh úsáid as an sabhaircín mar **chóir leighis**, freisin, do bhuíochán (*jaundice*).

Gníomhaíocht

Fíor nó Bréagach



Íomhá: <http://www.greenwave.ie>

1. Fásann an sabhaircín in uisce. _____.
2. Uaireanta bíonn an sabhaircín faoi bhláth i Mí Eanáir. _____.
3. Bíonn dath buí éadrom ar bhláth an tsabhaircín le dath buí níos troime sa lár.
_____.
4. Tá boladh láidir ag an sabhaircín. _____.
5. Tá an sabhaircín gaolta le lus an chromchinn. _____.
6. Beidh mí-ádh ar do ghrá geal má thugann tú dornán sabhaircíní
dó/dí. _____.
7. Chuimil daoine sabhaircíní le húthanna na mbó chun na síoga a choinneáil ón
mbainne. _____.
8. Chreid daoine go raibh leigheas i sabhaircíní do thinneas fiacaile.
_____.
9. Chreid daoine go raibh leigheas i sabhaircíní do bhuíochán.
_____.
10. Is í an bhrí atá ag ainm Béarla an tsabhaircín (*primrose*) ná
'an chéad rós'.

**Pléigh do fhreagraí leis an duine in
aice leat.**

Neantóg

Íomhá: <http://www.wildflowersofireland.net>



Cur Síos

Bíonn an neantóg le feiceáil ar thaobh an bhóthair agus ar thalamh branair (*fallow land*).

Bíonn na duilleoga dúghlas.

Bíonn na bláthanna buíghlas.

Bíonn na bláthanna beag bídeach.

Faightear goimh (*sting*) ón neantóg má chuimlítear léi.

Eolas Spéisiúil Eile

Tá **seanfocal** sa Ghaeilge: 'Neantóg a dhóigh mé, copóg a leigheas mé'

Chreid na daoine go raibh **leigheas** sa neantóg ar shlaghdáin. Tá na tagairtí seo sa bhéaloideas ó Chontae Chiarraí:

'The water of boiled nettles if drank will cure anyone suffering from worms'

'3 doses of nettles in the month of April will prevent any disease for the rest of the year'

National Folklore Collection, *NFC 782:359 agus NFCS 4555:226*, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, luaite ar <http://www.wildflowersofireland.net>

D'fhéach daoine ar an neantóg mar **ghlasra** agus rinne siad **anraith neantóige aisti**.

Anraith Neantóige

(aistrithe agus curtha in oiriúint ó oideas le Darina Allen)



<http://www.edible-ireland.com>

Bí cinnte go gcaitheann tú lámhainní nuair atá na neantóga á bpiocadh agat!

Comhábhair

150g neantóga óga

50g im

275g prátaí, an craiceann bainte díobh agus mionghearrtha

Oinniún amháin, mionghearrtha

100g cainneann (*leek*), na codanna bána agus bángghlasa amháin, mionghearrtha

salann agus piobar

1 lítear de stoc sicín

leathchupán bainne (nó d'uachtar - roghnach)

1. Clúdaigh na neantóga le huisce fiuchta chun an ghoimh a bhaint astu. Fág na neantóga san uisce ar feadh 30 soicind.
2. Gearr na neantóga go garbh.
3. Leáigh an t-im i sáspan.
4. Cuir na prátaí, na hoinniúin, na cainneanna isteach san im agus spréigh iad le salann agus le piobar
5. Clúdaigh an sáspan agus cócaráil na glasraí ar theas séimh ar feadh deich nóiméad go dtí go mbíonn na glasraí leathbhog.
6. Cuir an stoc isteach sa sáspan leis na glasraí, suaith an meascán agus tabhair é go dtí an fuochphointe, maolaigh an teas agus suanbhruith an meascán go dtí go mbíonn na glasraí bog.
7. Cuir na neantóga gearrtha isteach, suaith an meascán go séimh agus suanbhruith gan chlúdach ar feadh cúpla nóiméad eile.
8. Ná fág an meascán ar an teas rófhada ag an bpointe sin nó caillfidh na glasraí a mblas.
9. Leachtaigh (*liquidise*) an meascán i leachtaitheoir.
10. Cuir an t-anraith ar ais i sáspan. Cuir an bainne/ an t-uachtar isteach leis, braon ar bhraon, go dtí go mbíonn an téagar (*consistency*) ceart duit féin.
11. Suaith (*mix*) an meascán agus téigh arís.
12. Is féidir an t-anraith a chur i láthair d'aionna le slisne d'arán donn.

Gníomhaíocht

"SUIGH CHUN BOIRD IN ÉINEACHT LIOMSA"

Beidh grúpa de do chairde ag teacht chuig do theach i gcomhair béile.

Líon isteach an biachlár thíos don ócáid. Tá tú chun anraith neantóige a dhéanamh dóibh.

Nuair atá an biachlár déanta agat, déan rólimirt i ngrúpa de cheathrar. Tagann triúr chuig do theach don bhéile. Pléann sibh an biachlár agus go háirithe an t-anraith neantóige. Bain úsáid as an eolas faoi neantóga atá agat sa chomhrá.



Biachlár

Cúrsa Tosaigh

Príomhchúrsa

Milseog

Tae/caife

Magairlín Meidhreach



Íomhá: <http://www.wildflowersofireland.net>

Ainm

Magairlín = magairle beag (small testicle). Bíonn cruth magairlí ar thiúbair an phlanda.
Meidhreach = sona, súgach, suiríoch.

Cur Síos

Bíonn an magairlín meidhreach le feiceáil i bpáirceanna agus ar thaobh an bhóthair.

Bíonn an magairlín meidhreach faoi bhláth go déanach san earrach (Aibreán go Bealtaine).

Bíonn dathanna bándearga éagsúla orthu ó dheargchorra go bán.

Tá na gais ard go leor (12-35 cm) agus bíonn thart ar 20 bláth ar gach spíce.

Go minic, bíonn spotaí dúghorma ar na duilleoga.

Eolas Spéisiúil Eile

Deirtear gur afraidísigh iad na magairlíní agus ar ndóigh, is rud é sin atá le tuiscint ó ainm an phlanda.

(Feic, Ó Ruairc, Con, *Dúlra Oileáin Árann*, Cois Life, 2011, lch 53)

Luaigh Brian Merriman an magairlín meidhreach ina dhán ‘Cúirt an Mheán Oíche’ mar phlanda a spreagann suirí.



Gníomhaíocht

Teachtairacht i mBuidéal



Leis an duine in aice leat, scríobh nóta a chuirfidh tú i mbuidéal chuig do ghrá geal.

Tá teanga agus seanfhocail thíos chun cabhrú leat.

Bí cinnte go dtarraingíonn tú pictiúr den mhagairlín meidhreach (bláth an ghrá) ar do nóta mar chomhartha ar do ghrá!

Teanga an Ghrá

Is tú mo chéadsearc! A ghrá mo chroí! A thaisce! A chuisle! A ghrá gheal mo chroí!

Táim ag siúl amach leat anois le... Táim ag dul amach leat anois le... Tá mé go mór i ngrá leat... Tá mé dúnta i ngrá leis... Tá mé splanctha i do dhiaidh... Táim an-cheanúil ort... Bím ag smaoineamh ort i gcónaí... Tá lámh agus focal eadrainn/Táimid geallta anois le... Táimid luaite le chéile anois....

Grá, cion, gean, searc, cumann, leannán, suiríoch (*wooer*), caidreamh.

Cúpla Seanfhocal Faoin nGrá

Giorraíonn beirt bóthar.

Folaíonn grá gráin.

Ní fheiceann leannán locht.

Níl leigheas ar an ngrá ach pósadh.

Más maith leat do cháineadh, pós.

Nóinín an Chladaigh/ Rabhán



Íomhá: <http://www.wildflowersofireland.net>

Ainm

Tá dhá ainm ar an bplanda seo
(nóinín an chladaigh agus rabhán)

Nóinín = bláth eile (daisy)
Cladach = an trá (cladaigh = an tuiseal
ginideach de ‘cladach’)

Cur Síos

Fásann an planda seo cois farraige.

Bíonn sé faoi bhláth san earrach déanach agus sa
samhradh (Aibreán go Lúnasa).

Bíonn dath bándearg ar na bláthanna.

Bíonn na bláthanna cosúil le páipéar.

Dath dúghlas atá ar na duilleoga.

Eolas Spéisiúil Eile

Chreid daoine go raibh leigheas i nóinín an chladaigh ar ghalair i gconair an
fhuail (*urinary tract diseases*).

Bhí nóinín an chladaigh ar an mbonn trí phingin i Sasana ón mbliain
1937-1952



Gníomhaíocht

Comparáid agus Codarsnacht

Comparáid agus Codarsnacht


“Nóinín” is ainm don dá bhláth seo.

Le do pháirtí, pléigh na difríochtaí idir an nóinín agus nóinín an chladaigh



Íomhánna: <http://www.wildflowersofireland.net>

Líon na Boscaí: Codanna an Phlanda



Mórán Gaelach



Íomhá: <http://www.wildflowersofireland.net>

Cur Síos

Fásann an Mórán Gaelach ar aolchloch (*limestone*) agus ar thaobh an bhóthair in áiteanna mar Oileáin Árann

Tá dath bán ar na bláthanna ach tá siad buí i dtreo an láir.

Tá cúig pheiteal ar gach bláth.

Bíonn an Mórán Gaelach faoi bhláth ó Aibreán go hIúil.

Bíonn dath fíorgheal dearg ar na duilleoga nuair a bhíonn an planda faoi bhláth.

Eolas Spéisiúil Eile

Cé go bhfásann Móráin ar fud an domhain, is annamh a fhásann siad in Éirinn lasmuigh den Bhoirinn agus d'Oileáin Árann

Is maith le Móráin talamh carraigeach. Is é *Saxifraga* an t-ainm Laidineach atá orthu agus ciallaíonn sé sin 'bristeoir carraige'.

Deirtear go mbíonn neadacha ag seangáin sna Móráin uaireanta. Dá bhrí sin, tá ainm eile ar an Mórán Gaelach ar Oileáin Árann, is é sin 'Pabhsaer na Seangán'.



(Feic, Ó Ruairc, Con, *Dúlra Oileáin Árann*, Cois Life, 2011, lch 37-38)

Gníomhaíocht

In obair bheirte, **dear ceithre phuzal** bunaithe ar an eolas thuas faoin Mórán Gaelach.

Sampla:

Bris an Cód

1 = a/á

2 = b

3 = c

4 = d

Aibítir na Gaeilge!

Céard é ainm an bhlátha seo?

15128181517 131 1851137113

Freagra: “Pabhsaer na Seangán”



Éin an Aeir

Pictiúir d'Éin

Tá foinsí na n-íomhánna luaite ar gach sleamhnán.
Gheobhaidh tú nasc chuig **ceol an éin** aon áit a bhfeiceann tú an comhartha seo:



Faoileán



<http://www.commons.wikimedia.org>



<http://www.youtube.com/watch?v=a-GgC-bc9l>

An Lasair Choille (Goldfinch)



<http://www.feedyourbirds.co.uk>



<http://www.youtube.com/watch?v=sWJSetStWU>

Crotach (Curlew)



<http://www.en.wikipedia.org>



Éist le ceol an éin anseo:

<http://www.youtube.com/watch?v=q7V25M0szqU>

Gainéad



<http://www.commons.wikimedia.org>



<http://www.youtube.com/watch?v=WYgzvS7k56o>

Fáinleog (Swallow)



<http://www.cavinguk.co.uk>



<http://www.youtube.com/watch?v=vnGBmJFw1wc>

Spideog



<http://www.commons.wikimedia.org/wiki/File:European-Robin.jpg>



<http://www.youtube.com/watch?v=byd8S-pjJOI>

Corr Réisc (Heron)



http://www.commons.wikimedia.org/wiki/File:Great_Blue_Heron-27527-1.jpg



<http://www.youtube.com/watch?v=msPHBZsFK6w>
(Ceol ón éigrit bheag – cosúil le corr réisc)

An Chuach



http://www.en.wikipedia.org/wiki/Common_Cuckoo



<http://www.youtube.com/watch?v=d1WcxRaMmIM>

Broigheall (Cormorant)



<http://www.commons.wikimedia.org>



<http://www.youtube.com/watch?v=RLzPD77zeEk>

Smólach (Thrush)




http://www.en.wikipedia.org/wiki/Song_Thrush



Éist le ceol an éin anseo:
<http://www.youtube.com/watch?v=G53oH-MI9qU>

Cág Cosdearg (Chough)



http://www.commons.wikimedia.org/wiki/File:Two_Red-billed_Chough.jpg

<http://www.commons.wikimedia.org/wiki/File:Chough.jpg>



<http://www.youtube.com/watch?v=EW2xCT3a2hY>

Agus

<http://roaringwaterjournal.com/2013/10/06/a-chatter-of-choughs/>

An Roilleach (Oyster-Catcher)



<http://www.commons.wikimedia.org>



<http://www.bbc.co.uk/programmes/p018hp15>

Traonach (Cormcrake)



<http://www.commons.wikimedia.org>



<http://www.youtube.com/watch?v=Ks2taH61mn8>

Lon Dubh



<http://www.wildlifesnaps.com>



<http://www.youtube.com/watch?v=EPB4u-BFYFA>

Eolas agus Gníomhaíochtaí Samplacha

An Chuach



Íomhánna: http://www.en.wikipedia.org/wiki/Common_Cuckoo

Cur Síos

Tá ceann agus droim gorm-liath ar an gcuach.

Tá dath bán le stríocaí dubha ar a híochtar.

Tá cosa buí fúithi.

Tá eireaball fada uirthi.

Feictear í i gcoillte, ar fheirmeacha agus i bpáirceanna cois farraige.



Eolas Spéisiúil Eile

Is éan imirceach í an chuach. Tagann an chuach go hÉirinn ón Afraic san earraich agus fanann sí don samhradh. **Comhartha ar theacht an earraigh** is ea í.

Tá **ainm** an-oiriúnach ar an gcuach. Nuair a chanann an chuach fhireann déanann sé fuaim ar leith. Bíonn an fhuaim a chloistear cosúil leis an bhfuaim a chloistear nuair a deirtear ‘cuach/cuach’ nó ‘cuckoo’ i mBéarla.

Ní thógann an chuach a nead féin agus ní thugann sí aire dá gearrcaigh féin. Beireann sí a cuid uibheacha i nead éin eile i ngan fhios don éan sin. Uaireanta itheann an chuach uibheacha an éin eile nó caitheann sí na huibheacha amach ón nead. Tugann an t-éan eile bia agus cothú do ghearrcach na cuaiche.

Nuair a thagann gearrcaigh na cuaiche amach as an mblaosc, caitheann sí uibheacha an éin eile amach, freisin, ionas go bhfaigheann sí níos mó bia óna tuismitheoirí uchtaithe.

(Feic, Ó Ruairc, Con, *Dúlra Oileáin Árann*, Cois Life, 2011, lch 85)

Gníomhaíochtaí



Éist, Léigh agus Pléigh

“Síofra”

De réir an bhéaloidis in Éirinn, thógfadh na síoga páiste óna dtuismitheoirí, go háirithe dá mbeadh an páiste sin álainn nó speisialta ar bhealach eile, agus d’fhágfaidís síofra (*changeling*/páiste sí) ina áit.

Éist leis/léigh an e-leabhar seo de scéal faoi shíofra ón mbéaloideas:
<http://www.askaboutireland.ie/reading-room/digital-book-collection/talking-ebooks/scealta/an-siofra>

In obair bheirte, pléigh na ceistanna seo:
Cén ceangal atá idir an scéal agus an chuach?
An bhfaca tú an scannán ‘Changeling’?
Pléigh na difríochtaí idir an scéal Gaeilge agus an scannán.
Tá dán ag W.B. Yeats faoi pháiste a thóg an t-aos sí. Cén teideal atá ar an dán?
(*The Stolen Child*)
Déan cuardach ar líne do leagan *The Waterboys* den dán sin.

Peann ar an Sean-Nós

Go minic, tagann páistí trasna ar **chleití éin** ar thaobh an bhóthair.
In obair bheirte, pléigh an úsáid a d’fhéadfá mar mhúinteoir a bhaint as cleití mar áis chun ceacht ar éin an aeir a dhéanamh leis na ranganna sinsearacha.
(Feic McNally, Tony, *Seoda Faoi do Chosa*, Gaelink, 2011, lch 40, le haghaidh smaointe)



Fáinleog



íomhá: <http://www.haworth-village.org.uk/nature/pictures/large-insects.asp?pic=110>

Cur Síos

Éan beag gleoite is ea an fháinleog.

Tá ceann, droim agus sciatháin na fáinleoige gormdhubh.

Tá dath bán ar a híochtar.

Tá paiste dearg ar a scornach agus ar a haghaidh.

Tá cruth foirc/gabhail ar a heireaball.

Itheann an fháinleog feithidí.

Maireann sí i sciobóil agus go minic faoi dhíon an tí.

Eolas Spéisiúil Eile

Tagann an fháinleog go hÉirinn ón Afraic san earrach déanach agus fanann sí go dtí Mí Dheireadh Fómhair. **Comhartha ar theacht an tsamhraidh** is ea í.

Filleann sí ar an nead chéanna bliain i ndiaidh bliana.

Is éan **an-aclaí** í an fháinleog. Tá sí in ann í féin a chasadh san aer chun breith ar fheithidí. Tá an fháinleog fhíreann in ann uisce a ól agus é ag eitilt go híseal os cionn na habhann. Taistealaíonn an fháinleog thart ar 32 ciliméadar san uair (20 míle san uair).

Féachtar sa bhéaloideas ar na fáinleoga mar éin a thugann **ádh leo**. Má dhéanann siad nead i bhfoirgneamh leat, beidh rath ort.

Má bhíonn siad ag eitilt go hard sa spéir is comhartha é sin go mbeidh **dea-aimsir ann**. Má fheictear iad ag eitilt gar don talamh is comhartha é go bhfuil báisteach ag teacht.

Creidtear gur éin iad atá **tofa ag Dia ar bhealach speisialta** agus dá bhrí sin beidh mí-ádh ar an té a mharaíonn fáinleog. Tá gearrscéal ag Pádraig Mac Piarais, 'Eoghainín na nÉan' ina labhraíonn buachaill óg atá tinn agus atá ag saothrú an bháis leis na fáinleoga. Tá an caidreamh speisialta a bhíodh idir na fáinleoga agus neamh le tuiscint ón scéal sin.

(Feic McNally, Tony, *Seoda Faoi do Chosa*, Gaelink, 2011, lch 74)

Gníomhaíochtaí



Tomhais in Obair Bheirte

Má chaitheann an fháinleog deich n-uaire an chloig ag eitilt (ar luas 32 ciliméadar san uair) in aghaidh an lae ar a turas ón Afraic, cé mhéad ciliméadar a thaistealóidh sí in aghaidh an lae?

Cé mhéad lá a thógfaidh sé ar fháinleog an turas ón Afraic Theas go hÉirinn a dhéanamh (turas 9800 ciliméadar)?



Íomhá: <http://www.en.wikipedia.org>

Freagraí: 320 ciliméadar, 30/31 lá.

Cathain a chonaic tú an chéad fháinleog i mbliana?
An bhfuil fáinleoga ag teacht go hÉirinn níos luaithe gach bliain?

Má tá, céard a thugann sé sin le fios dúinn faoin aeráid?

Is féidir le páistí an t-eolas sin a thairfeadh ag:

<http://www.heritageinschools.ie/investigations/view/article/swallow/?cHash=e61e55c298ea4e5e009b669df21c19bb>



Cág Cosdearg



Íomhá: http://www.commons.wikimedia.org/wiki/File:Two_Red-billed_Chough.jpg

Cur Síos

Éan dubh cosúil leis an gcág is ea an cág cosdearg.

Tá gob fada dearg air agus tá lúb ar an ngob.

Tá cosa dearga faoi.

Dath dubh atá ar a dhroim, ar a bholg, ar a sciatháin agus ar a cheann.

Nuair a bhíonn an cág cosdearg ag eitilt bíonn a sciatháin oscailte cosúil le lámha/méara.

Maireann sé cois farraige.

Déanann sé a nead ar aillte cois farraige.

Itheann sé feithidí agus sméara i bpáirceanna gar don fharraige.



Eolas Spéisiúil Eile

Tá meath ag teacht ar líon na gcág cosdearg san Eoraip agus dá bhrí sin, tá **Stádas faoi Chosaint** (*Protected Status*) in Éirinn ag an gcág cosdearg.

(Feic, Ó Ruairc, Con, *Dúlra Oileáin Árann*, Cois Life, 2011, lch 86)

Tá **sárchumas eitilte** ag an gcág cosdearg. Bíonn sé in ann casadh agus tumadh go tapa san aer. Is cleasghleacaí (*acrobat*) é san aer.

Tá an cág cosdearg an-dílis. Fanann sé leis an **gcéile céanna** ar feadh an tsaoil.

Tá baint ag an gcág cosdearg le **Cornwall** i Sasana. Tá an cág cosdearg ar armas Cornwall. De réir an scéil, nuair a fuair an Rí Art bás chuaigh a anam isteach i gcorp an éin. Fuair an cág cosdearg a dhath dearg ón bhfuil a doirteadh ag an am sin.

(Feic http://www.en.wikipedia.org/wiki/Red-billed_Chough)



Gníomhaíocht



Tráth Ceisteanna

Beidh tráth ceisteanna agat faoi éin le do rang ar scoil.
In obair bheirte, scríobh amach babhta de cheisteanna
(sé cheist san iomlán) faoin gcág cosdearg don tráth ceisteanna sin.

Babhta 1: Cág Cosdearg

1.	
2.	
3.	
4.	
5.	
6.	

Broigheall



íomhá: <http://www.commons.wikimedia.org>

Cur Síos

Is éan coitianta é an broigheall ar chósta na hÉireann.

Éan dubh le loinnir ghlas is ea an broigheall.

Tá dath buí gar dá shúile.

Bíonn paistí bána ar a éadan agus ar a chosa sa samhradh.

Is éan mór láidir é an broigheall.

Is maith leis cónaí ar aillte, ar oileáin, gar do locha, gar d'aibhneacha agus gar don fharraige.

Itheann an broigheall éisc agus portáin.

Eolas Spéisiúil Eile

Beireann an broigheall uibheacha i **gcoilíneacht** (*colony*). Nuair a thagann na gearraigh amach bíonn siad dall agus noct.

Uaireanta, tugtar '**An Chailleach Dhubh**' (Cailleach = *hag/witch*) ar an mbroigheall ach tugtar an t-ainm sin ar an seaga freisin. Tá 'black hags' luaite ag J.M. Synge in *Riders to the Sea*.

Ní maith le hiascairí iad mar itheann siad an-chuid de na héisc. I dtíortha cosúil leis an tSín, oileann daoine na broighill chun **iascaireacht** a dhéanamh dóibh.

Feictear é go minic ina sheasamh ar charraigeacha agus a sciatháin ar leathadh aige. Ceapadh gur ag triomú na sciathán a bhíodh sé nó ag lorg gaoithe, ach anois, meastar go mbaineann an nós seo le díleá (briseadh síos bia).


(Feic, Ó Ruairc, Con, *Dúlra Oileáin Árann*, Cois Life, 2011, lch 91)

Gníomhaíocht

Treoracha le Plé in Obair Bheirte

Beidh tú ag iarraidh ar na páistí i do rang an pictiúr thíos a dhathú.

Cé na treoracha a thabharfaidh tú do na páistí?



Íomhá le Audrey Murphy, *Birds: Colouring and Guide Book*, Sherkin Island Marine Station, 2002

Gainéad



Íomhá: <http://www.commons.wikimedia.org>

Cur Síos

Is éan coitianta é an gainéad ar chósta agus ar fharraigí na hÉireann.

Éan bán le dath bánbhuí ar an gceann is ea an gainéad.

Tá dath dubh gar dá shúile agus ar dheirí na sciathán.

Tá gob fada ar an ngainéad chun breith ar éisc.

Cónaíonn sé ar aillte agus ar charraigeacha i gcoilíneacht de ghainéid.

Eolas Spéisiúil Eile

Tá sciatháin mhóra leathana ag an ngainéad a ligeann dó **faileitilt** (*gliding*) thapa (suas go 100 ciliméadar san uair) a dhéanamh san aer.

Ceaptar go bhfuil 22,500 suíomh acu ar an Sceilg Bheag agus gurb í sin **an dara coilíneacht de ghainéid is mó ar domhan.**



Íomhá:

http://www.trekearth.com/gallery/Europe/Ireland/South/Kerry/Skellig_Beag/photo102770.html

Gníomhaíocht

Cárta Poist

In obair bheirte scríobh cárta poist a chuirfeadh sibh chuig cara libh. Inis dó/di faoi do thréimhse sa Ghaeltacht go dtí seo. Míniú an fáth gur roghnaigh tú an cárta poist áirithe seo le pictiúr de ghainéid air.

Beannachtaí ó



íomhá: <http://www.commons.wikimedia.org>

CÁRTA POIST




Íomhá an stampa: <http://www.irishislands.info>

Dúile an Chladaigh

Pictiúir de Dhúile an Chladaigh

Tá foinsí na n-íomhánna luaithe ar gach sleamhnán.

Gheobhaidh tú nasc chuig amhrán aon áit a bhfeiceann tú an comhartha seo:  Le caoinchead ó Michael Guiry a úsáidtear na híomhánna d'fheamainn dhearg, charraigín agus dhúlámán.

Feamainn Dhearg



Creathnach/Duilleasc (Guma Coganta) (Rhodophyta: Palmaria)

<http://www.seaweed.ie>

Diúilicíní (Mussels)



<http://www.commons.wikimedia.org>

<http://www.forknplate.com>

Carraigín



<http://www.seaweed.ie> (Chondrus crispus)

Oisrí (Oysters)



<http://www.21stcenturnaturalist.blogspot.com>

<http://www.meyerre.com>

Dúlámán (Channel Wrack)



<http://www.seaweed.ie> (Pelvetia canaliculata)



<http://www.youtube.com/watch?v=KxLvQhmY95Q>

Liric: <http://www.celticlyricscorner.net/anuna/dulaman.htm>

Ruacain (Cockles)



Moll Ní Mhuileáin (Molly Malone)

I mBaile Átha Cliath, ní bhaca mé riamh,
An chaitín m'oscaim sa Moll Ní Mhuileáin,
Ag stiúradh a barra, gach áit sin a' chathair,
Le ruacain is síogáin, is iad go breá beo.

Curfá:

Is iad go breá beo, is iad go breá beo,
Le ruacain is síogáin, is iad go breá beo.

Ba mhangaire éise í, an cheird di ab éiseat,
Ó 's amháidh dá m'oscaim í chomh fadó,
Ag stiúradh a barra, gach áit sin an chathair,
Le ruacain is síogáin, is iad go breá beo.

Ach mo chreach is mo dheacair, fuair Moll bhocht an fuilhras,

Agus 'sin í an cheird 'bá' le Moll Ní Mhuileáin,
Ach tá tabhse sa chathair, ag stiúradh a barra,
Le ruacain is síogáin, is iad go breá beo.

<http://www.celticlyricscorner.net/anuna/dulaman.htm>



http://www.youtube.com/watch?v=pU_G2Plnjz8

Sliogáin



<http://www.publicdomainpictures.net>



Portán



<http://www.pznw.co.uk/marine/crabs.html>

Sparán na Cailí Mairbhe

(Cás Uibhe ón bhFiogach Beag)



<http://www.fimnh.ufl.edu>

Scian Mhara *(Razor Fish)*



<http://www.en.wikipedia.org>



<http://www.gallery.nen.gov.uk>

Faocha *(Periwinkle)*



<http://www.izy28.edublogs.org>



<http://www.en.wikipedia.org>

Séacla *(Shrimp)* / Ribe Róibéis *(Prawn)*



<http://www.wildshores.blogspot.com>




<http://www.thesaltscavenger.blogspot.com>

Bairneach *(Limpet)*



<http://www.bugbotherer.org.uk>

Seán na Gealaí / An Rí Solais / Fosfaracht / Tine Ghealáin / Méarnáil *(Jack o' the Lantern)*



<http://www.dailymail.co.uk/travel/article-2206751/Illuminating-Ireland-A-sea-life-spotting-adventure-plan-ikon-glow.html>

Eolas agus Gníomhaíochtaí Samplacha

Carraigín



An tEarrach Thiar Le Máirtín Ó Direáin

“Mná i locháin
In íochtar díthrá,
A gcótaí craptha,
Scáilí thíos fúthu:
Támhradharc sítheach
San Earrach thiar.”

Céard atá ar siúl ag na mná
sa véarsa seo an dóigh leat?

íomhá: <http://www.seaweed.ie> le caoinchead ó Michael Guiry

Cur Síos

Bíonn dathanna éagsúla ar an gcarraigín.

Uaireanta bíonn dath dúdhearg agus buí air.

Faoi sholas na gréine is féidir leis a bheith corcairghorm.

Má phioctar é agus má fhágtar faoin ngrian é le triomú, tagann dath bán/geal air.

Fásann sé ar charraigeacha agus ar chlocha i locháin sáile.

Uaireanta, fásann sé faoin bhfeamainn dhonn.

Eolas Spéisiúil Eile

Úsáidtear carraigín ar fud an domhain sa chócaireacht.
Tugtar ‘*Mousse d’Irlande*’ air sa Fhrainc.

Chreid na daoine in Éirinn go raibh leigheas sa charraigín ar bhroincíteas, ar chasacht, ar shlaghdáin agus ar aicídí duán.

(Feic, Ó Ruairc, Con, *Dúlra Oileáin Árann*, Cois Life, 2011, Ich 123-124)



Gníomhaíocht

Aistrigh go Gaeilge

In obair bheirte agus ag baint úsáide as <http://www.focal.ie>, agus as an bhfoclóir thíos cuir Gaeilge ar an oideas seo do Mharóg Charraigín.



Mharóg Charraigín

Curtha in oiriúint ó oideas le Darina Allen

Comhábhair

- 1 fistful dried Carrageen Moss
- 900ml (1 ½) pints milk
- 1 tablespoon sugar
- 1 egg

Cur Chuige

1. Put the carrageen in hot water for 10 minutes.
2. Strain off the water and put the carrageen into a saucepan with milk.
3. Bring to the boil and simmer on a low heat, with the lid on for 20 minutes.
4. At that point separate the egg, put the yolk into a large bowl, add the sugar and whisk together for a few seconds.
5. Pour the milk and carrageen through a strainer onto the egg yolk mixture whisking all the time. The carrageen will now be swollen and exuding jelly. Rub all this jelly through the strainer and whisk this into the milk with the sugar and egg yolk.
6. Whisk the egg white until stiff and fold it in gently. It will rise to make a fluffy top.
7. Serve chilled with brown sugar and cream and/or with a fruit jam made from rhubarb or blackberry.

Foclóir

- Blackberries – sméara dubha
- Chilled – fuaraithe
- Dried – triomaithe
- Exuding – ag cur amach
- Fistful – dorn
- Fold – fill
- Jelly – glóthach
- Pour – doirt
- Rhubarb – biabhóg
- Saucepan – sáspan
- Separate – scar
- Simmer – suanbhruith
- Stiff – teann/righin
- Strain – síothlaigh
- Strainer – scagaire
- Tablespoon – spúnóg bhoird
- Whisk – gread
- Yolk – buócán

Dúlamán



íomhá: <http://www.seaweed.ie> le caoinchead ó Michael Guiry

Cur Síos

Tá dath donn ag bun an dúlamáin agus tá dath buí ar a bhinn (tip).

Bíonn sé tirim ar feadh cuid mhaith den lá mar go bhfásann sé ar an gcuid is uachtaraí den trá.

Tá cainéil speisialta air chun uisce a bhailiú agus a choinneáil nuair atá an fharraige imithe uaithi ('Channelled Wrack' an t-ainm atá air sa Bhéarla).

Tá ainmneacha Gaeilge eile air, freisin, is iad sin 'An Chaisíneach' agus 'Múirín na Muc' (Múirín = compost, Muc = pig)

Eolas Spéisiúil Eile

Thugadh feirmeoirí dúlamán mar bhia d'ainmhithe feirme (Beithígh, asail, muca).

D'ith daoine dúlamán aimsir an Ghorta.

Baineadh úsáid as an dúlamán chun dath a chur in éadaí.

Tá amhrán cáiliúil saothair as Gaeilge faoin dúlamán. I measc na ngrúpaí atá tar éis taifeadadh a dhéanamh air, tá Clannad, Anúna agus Altan.

Is é seo an míniú spéisiúil a thugann Vicipéid ar an amhrán:

"The text of the song relates to the Irish practice of gathering seaweed for various purposes, dating from lean times when seaweed was valuable as a defence against famine (Doreen McBride, *When Hunger Stalked the North* ,1994). It details the discussion between "dúlamán Gaelach" (a collector of seaweed for dyeing clothes) and "dúlamán maorach" (a collector of seaweed to be cooked and eaten). The latter wishes to marry the daughter of the former, and makes various arguments and entreaties for this purpose, finally declaring that he will simply take her away." (<http://www.en.wikipedia.org/wiki/D%C3%BAlam%C3%A1n>)



Gníomhaíocht

Éist, Léigh agus Pléigh

Éist leis an leagan den amhrán atá ag an nasc seo:

<http://www.youtube.com/watch?v=KxLvQhmY95Q>

Léigh an t-amhrán thíos agus pléigh é in obair bheirte.

Céard iad na tréithe de chuid an dúlamáin a luaitear san amhrán?

Cé na húsáidí nó na feidhmeanna de chuid an dúlamáin a luaitear ann?



“Dúlamán”

A 'nion mhín ó, sin anall na fir shuirí
A mháithrín mín ó, cuir na roithleáin go dtí mé

Curfá:

Dúlamán na binne buí, dúlamán Gaelach
Dúlamán na farraige, b'fhearr a bhí in Éirinn

Tá ceann buí óir ar an dúlamán Gaelach
Tá dhá chluas mhaol ar an dúlamán maorach

Bróga breaca dubha ar an dúlamán Gaelach
Tá bairéad (caipín - *biretta*) agus triús (bríste) ar an dúlamán maorach

Curfá 2x

Cad é a thug 'na tíre thú? Arsa an dúlamán Gaelach
Ag suirí le d'níon, arsa an dúlamán maorach

Rachaimid chun Iúir leis an dúlamán Gaelach
Ceannóimid bróga daora ar an dúlamán maorach

Curfá

Ó chuir mé scéala chuici, go gceannóinn cíor dí
'Sé'n scéal a chuir sí chugam, go raibh a ceann cíortha

Curfá

Cha bhfaigheann tú m'níon, arsa an dúlamán Gaelach
Bhuel, fuadóidh mé liom í, arsa an dúlamán maorach

Dúlamán na binne buí, dúlamán Gaelach

Curfá

Faochain



Cur Síos

Tá dath liathdhonn/liathdhubh ar an bhfaocha.

Is seilide mara í.

Is maith léi cónaí ar chladaigh atá garbh agus ar charraigeacha.

Is maith léi feamainn a ithe.

Is féidir léi maireachtáil ar feadh i bhfad gan aon bhia.

íomhá: <http://www.en.wikipedia.org>

Eolas Spéisiúil Eile

Tá go leor fianaise ann ó thochailtí seandálaíochta go mbíodh an fhaocha á hithe in Éirinn riamh anall. Is beag Éireannach a itheann iad sa lá atá inniu ann.

Piocann go leor iascairí an fhaocha fós agus déantar í a easpórtáil go dtí tíortha eile, go háirithe an Fhrainc.

Bíonn an fhaocha Éireannach ar bhiachláir ar fud an domhain.

Déanann Liam Ó Flaithearta tagairt don fhaocha sa scéal ‘Two Lovely Beasts’. Déanann sé ceangail idir an fhaocha agus an bhochtaineacht. Deirtear gur ith muintir na hÉireann an fhaocha aimsir an Ghorta nuair nach raibh bia eile ar fáil.

Feic:

<http://www.askaboutireland.ie>

Tá an dímheas céanna ar na faochain le léamh ar an bpíosa seo a luann Mac an Iomaire in *Cladaí Chonamara*, An Gúm, 1985:
“Bia rí ruacain
Bia tuatach bairneach
Bia caillí faocha.”

(Luaithe freisin ag Ó Ruairc, Con, *Dúlra Oileáin Árann*, Cois Life, 2011, 130)

Gníomhaíocht

Biachlár le Dearadh

In obair bheirte, bain úsáid as an bhfoclóir ag:
http://www.gaeilge.ie/dynamic/file/lamhleabhar_bia.pdf
chun biachlár do bhialann bheatha mara (*seafood restaurant*) a dhearadh. Bí cinnte go mbíonn dhá rogha ann do gach cúrsa agus go mbíonn faochain ar an mbiachlár.



Faochain Éireannacha

le Maonáis Ghairleoige

Aistrithe agus curtha in oiriúint ó

http://www.connemaraseafoods.com/products_recipes_periwinkles

Comhábhair

170g salann

2-3 lítear d'uisce

1kg Faochain Éireannacha

Mias bheag de mhaonáis Ghairleoige

Cur chuige

1. Cuir an t-uisce ar fiuchadh i sásan.
2. Cuir an salann agus na faochain isteach san uisce.
3. Lig don uisce fiuchadh arís.
4. Síothlaigh (strain) an t-uisce ó na faochain.
5. Lig do na Faochain fuarú.
6. Cuir i láthair d'aíonna iad i mbabhla le maonáis ghairleoige ar an taobh.
7. Beidh biorán mór ag teastáil ó gach duine chun na faochain a thógáil amach as na sliogáin.

An Bairneach Coiteann



fomhá: <http://www.ga.wikipedia.org/wiki/Bairneach>

Cur Síos

Tá dath liathdhonn nó bán ar an sliogán agus tá cos bhuí faoi.

Cónaíonn sé ar charraigeacha.

Nuair a bhíonn an taoide lán, bogann an bairneach timpeall chun bia a fháil - itheann sé feamainn.

Filleann sé ar ais go dtí an áit chéanna i gcónaí. Úsáideann sé rian ceimiceach chun a bhealach abhaile a aimsiú.

Nuair atá an taoide amuigh, tá sé an-deacair iad a bhaint den charraig. Tá matán (*muscle*) an-láidir ag an mbairneach a úsáideann sé chun greim daingean a choinneáil ar an gcarraig.

Eolas Spéisiúil Eile

Tá an focal ‘bairneach’ le fáil in roinnt logainmneacha ar fud na tíre: Aill na mBairneach i nGaillimh agus Cladach na mBairneach Bréan i nDún na nGall, Fothair na mBairneach i Maigh Eo, mar shampla.

Is féidir bairneach a ithe ach, cosúil leis an bhfaocha, shamhlaigh muintir na hÉireann iad le bochtaineacht agus leis an nGorta Mór.

Tá seanfhocal sa Ghaeilge a léiríonn an dímheas sin:

“Seachain an tábhairne nó bairnigh is beatha duit.”

Gníomhaíocht



Stad ar Rian Cladaigh

Tá Rang a Sé agat. Tá tú chun iad a thabhairt ar shiúlóid chun dúile an chladaigh a fheiceáil. Beidh ort lán trá a roghnú agus dá bhrí sin, beidh ort a bheith ar an eolas faoin taoide. Gheobhaidh tú eolas faoin taoide ag <http://www.irishtimes.com/weather/tides/html>

In **obair bheirte**, pléigh **an t-am is fearr** don rian an tseachtain seo. Cuir an **taoide** agus an **aimsir** san áireamh.

Pléigh na **treoracha sábháilteachta** a thabharfaidh tú do do rang.

Cén **ghníomhaíocht** a d'fhéadfá a úsáid chun a thaispeáint do na páistí go bhfilleann an bairneach ar an áit chéanna gach lá?

(Feic McNally, Tony, *Seoda Faoi do Chosa*, Gaelink, 2011, lch 23, le haghaidh smaointe)

Seán na Gealaí/Bithlonracht/An Rí Solais/Fosfaracht/Tine Ghealáin/Méarnáil (*Jack O' The Lantern*)



Íomhá: <http://www.dailymail.co.uk/travel/article-2206751/Illuminating-Ireland-A-sealife-spotting-adventure-plankton-glow.html>


Cur Síos

Is éard atá san fhosfaracht mhara ná solas nach bhfuil aon teas ann.

Ceimicí éagsúla ag teacht le chéile istigh sna plandaí agus sna hainmhithe mara chomh maith leis an bhfeo orgánach (organic decay) a chruthaíonn an solas.

Bíonn bithlonracht (*bioluminescence*) nó méarnáil ag go leor orgánach mara idir bhaictéir, fheamainn agus éisc.

Tá dealramh taibhsiúil ar an bhfosfaracht mhara agus is minic a dhéantar comparáid idir é agus réaltaí na spéartha.



Eolas Spéisiúil Eile

Sa Laidin is é an t-ainm atá ar an bhfosfaracht ná '*Ignis Fatuus*' a chiallaíonn 'tine amaideach.'

I mBéarla tugtar '*Will O' The Wisp*' agus '*Jack O' The Lantern*' ar an mbithlonracht. Ar ndóigh, úsáidtear an téarma '*Will O' the Wisp*', freisin, do dhuine atá amaideach, éalaitheach nó brionglóideach agus a chuireann dallamullóg ar dhaoine eile.

Tá go leor scéalta **ar fud** an domhain faoin mbithlonracht. Is féidir cuid acu a léamh ag: <http://en.wikipedia.org/wiki/Will-o'-the-wisp>. Go han-mhínic féachtar ar an mbithlonracht mar chineál taibhse.

Tá tagairt in *Séadna*, leis an Athair Peadar Ó Laoghaire, don 'Rí Solais.'

Dar le tráchtairí áirithe, tagann an traidisiún coitianta atá ann sa lá atá inniu ann **solas a chur i bpuimcín nó i dtornapa Oíche Shamhna** ó scéal béaloidis Éireannach faoin Rí Solais.

(<http://www.people.howstuffworks.com/culture-traditions/holidays/halloween5.htm>)

"Bhí an fear seo ann uair amháin agus dhíol sé a anam leis an diabhal... Nuair a tháinig an diabhal chun é a thabhairt leis go hIfreann d'imir an fear cleas ar an diabhal - faoi thrí... Níor ligeadh an fear isteach sna Flaithis...

Chuaigh sé go geataí Ifrinn ansin ach níor ligeadh isteach ansin é ach oiread, mar bhí eagla orthu roimhe. 'D'imthigh sé ansan agus d'arduigh sé tene leis, agus tá sé 'na Jack-'-the-Lanther oshoin.' [ag taisteal an domhain ar feadh na síoraíochta]... Jack o' the lantern nó Rígh Solus nó Measgán Mearaígh nó Seán na Gealaí nó Will-o-the-Wisp, *ignis fatuus* nó Seadhna... deirtear gurbh é an scéal seo a spreag an tAthair Peadar Ua Laoghaire *Séadna* a scríobh." (Feic, Ua Laoghaire, Peadar, *Séadna*, in eagar ag Mac Mathúna, Liam, Réamhrá lgh. xvi – lii., Cois Life Teoranta, 2011)

Píosa faoi fhosfaracht i Loch Oighinn, Corcaigh:

"SEE STARS SPARKLE ABOVE AND BELOW YOU...

With darkness, the magic begins. First, flickers of light on the front of the kayaks, and shining ripples spread out from the paddle blades. A hand dipped into the warm water sparkles. Microscopic marine life erupts into ghostly phosphorescence. And the surface of the water seems to mirror the starry skies."

50 Secrets of the Wild Atlantic Way (Slí Fhiáin An Atlantaigh), Fáilte Ireland, 2013, lch. 12

Gníomhaíocht

Litrigh i gCeart

Litrigh i gceart na hainmheacha Gaeilge éagsúla ar ‘Jack O’ the Lantern’:

na ír sailos = _____
thacarsfof = _____
neit náiealhg = _____
áinlraém = _____
neás an aílaeg = _____
thcranolthib = _____

Freagra: An Rí Solais, Fosfaracht, Tine Ghealáin, Méarnáil, Seán na Gealaí, Bithlonracht

Seán na Gealaí agus An Tornapa

In Obair Bheirte, pléigh an úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as an tornapa mar áis chun ceacht ar an bhfosfaracht a mhúineadh do pháistí sna ranganna sinsearacha.



íomhánna: <http://www.Christopherjohnstone.blogspot.com>

Éisc na Farraige

Pictiúir d'Éisc

Tá foinsí na n-íomhánna luaite ar gach sleamhnán.
Gheobhaidh tú nasc chuig amhrán aon áit a bhfeiceann tú an comhartha seo:



Scadán (Herring)



<http://en.wikipedia.org/wiki/Herring>



Amhrán na Scadán: Ceol agus Liricí

<http://donegalvideos.com/videos/amhran-na-scadan-eamonn-ghrainne-mac-ruairi>

Trosc (Cod)



http://en.wiktionary.org/wiki/File:Atlantic_cod.jpg




Ronnach (Mackerel)




<http://www.salmonfromnorway.com>

Mangach (Pollock)



<http://www.takemefishing.org>

Faoitín (Whiting)



<http://www.feathersandfur.blogspot.com>

Bradán (Salmon)



<http://www.en.wikipedia.org>



An Breac Geal

(White Trout)



<http://www.nomadsofthetides.blogspot.com>

<http://www.en.wikipedia.org>



Colgán

(Swordfish)



<http://www.tastingtable.com>

Smugairle Róin

(Jellyfish)



<http://www.unseenwildlife.blogspot.com>

Ballach

(Wrasse/Rock Salmon)



<http://www.spearfishing.ie>



<http://www.anirishanglersworld.com>

Cuán Mara

(Sea-urchin)



<http://www.marlin.ac.uk>



Gliomach

(Lobster)



<http://www.seafoodatlantic.blogspot.com>

<http://www.commonswikimedia.org>

Crosóg Mhara

(Starfish)



<http://www.commonswikimedia.org>

Leathóg

(Plaice)



<http://www.uk-fish.info>



Ronnach/Maicréal



Íomhá: <http://www.salmonfromnorway.com>

Cur Síos

Tá dath dúghorm, dubh agus glas air.

Tá sé deacair ronnach a fheiceáil san uisce de bharr na ndathanna.

Taistealaíonn an ronnach ó thuaidh agus caitheann sé an geimhreadh thíos ag bun na farraige ansin. Ní itheann sé mórán i rith an gheimhridh.

Caitheann sé an t-earrach agus an samhradh ag uachtar na farraige gar go leor don chladach. Itheann sé planctón agus éisc bheaga ag an am sin den bhliain.

Eolas Spéisiúil Eile

Is iasc an-tapa é an ronnach. Tá an ronnach i measc na n-iasc is tapa san fharraige.

Snámhann ronnaigh ina scoileanna (*shoals*).

Bíonn sé éasca go leor ar iascairí breith orthu le baotí daite.

Tá a lán ola sa ronnach agus bíonn siad an-bhlasta nuair a bhíonn siad úr.

Is féidir an ronnach a dheatú (ronnach deataithe).

Gníomhaíocht

Siocht as Dialann Náduir




Coinnítear dialann náduir chun taifead a dhéanamh ar ghnéithe den nádúr a fheictear. Uaireanta, tarraingítear pictiúir i ndialann náduir nó greamaítear píosaí den nádúr ar nós cleití nó duilleoga isteach inti.

Mí Lúnasa atá ann, bhí tú thíos ar an gcé nuair a d'fhill bád iascaireachta ó lá ar an bhfarraige. Bhí go leor ronnach ar bord. In obair bheirte, scríobh píosa i do dhialann náduir faoin méid a thug tú faoi deara.

Dáta: _____

Mí: _____

Séasúr: _____



Íomhá le Audrey Murphy & Susan Murphy Wickens, feic *My Nature Diary*, Sherkin Island Marine Station, le haghaidh smaointe eile maidir le Dialann Náduir.

Foclóir Úsáideach do Dhialann

Laethanta na Seachtaine

An Luan – Dé Luain
An Mháirt – Dé Máirt
An Chéadaoin – Dé
Céadaoin
An Déardaoin – Déardaoin
An Aoine – Dé hAoine
An Satharn – Dé Sathairn
An Domhnach – Dé
Domhnaigh.

Míona na Bliana

Eanáir – Mí Eanáir
Feabhra – Mí Feabhra
Márta – Mí an Mhárta
Aibreán – Mí Aibreáin
Bealtaine – Mí na Bealtaine
Meitheamh – Mí an Mheithimh
Iúil – Mí Iúil
Lúnasa – Mí Lúnasa
Meán Fómhair – Mí Mheán Fómhair
Deireadh Fómhair – Mí Dheireadh
Fómhair
Samhain – Mí na Samhna
Nollaig – Mí na Nollag

Dátaí

An chéad lá d'Eanáir
An dara lá d'Feabhra
An tríú lá de Mhárta...
An t-aonú lá déag d'Aibreán
An dara lá déag de Bealtaine
An fichiú lá de Meitheamh
An t-aonú lá is fiche d'Iúil
An dara lá is fiche de Lúnasa
An tríochadú lá de Mheán Fómhair
An t-aonú lá is tríocha de Nollaig

Aimsir i Rith na Bliana

Bog
Brothallach
Ceathach
Ceomhar
Dorcha
Feanntach
Fionnuar
Fliuch
Fuar
Gaofar
Geal
Grianmhar
Meirbh
Scamallach
Tais
Te
Tirim

Feic <http://www.met.ie> do
phleananna ceachta as Gaeilge
d'O.S.I.E. faoin aimsir.

Laethanta Eile

Lá Coille
Lá Fhéile Bríde
Lá Fhéile Pádraig
Oíche Shamhna
Lá Nollag
Lá an Dreoilín
Oíche Chinn Bhliana

Inné
Arú inné
Amárach
Arú amárach
An lá arna mhárach

Na Séasúir

An t-earrach
An samhradh
An fómhar
An geimhreadh

Tiocfaidh tú ar eolas,
théarmaíocht agus
ghníomhaíochtaí faoi **shaolré** an
bhradáin ag:
[http://www.somethingfishy.ie/
childirish/ceacht3/lessonsindex.ht](http://www.somethingfishy.ie/childirish/ceacht3/lessonsindex.ht)

Bradán



Cur Síos

Iasc imirceach (*migratory*) is ea an bradán.

Is féidir leis maireachtáil san uisce úr agus san fharraige.

Baineann an bradán úsáid as duaithníocht (*camouflage*). Bíonn dath ballach/breac (*speckled*) ar an mbradán nuair atá sé óg san abhainn.

Bíonn dath airgid ar a ghainní (*scales*) nuair atá sé san aigéan.

Saolré (*Life-Cycle*)

Tagann na bradáin óga amach as na huibheacha san earrach.

Fanann siad timpeall ar an áit ina saolaítear iad ar feadh cúpla bliain.

Téann siad go dtí an fharraige mhór ansin agus fásann siad.

Filleann siad ar a n-aibhneacha dúchais ansin le sceitheadh.

Idir Meán Fómhair agus Feabhra, sceitheann an bradán píosa fada suas san abhainn.

Téann cuid acu ar ais go dtí an fharraige mhór ansin agus tuirse orthu.

Eolais Spéisiúil Eile

Deirtear gurb é an bradán rí na n-iasc agus i scéalta Éireannacha bíonn baint aige leis an bhfios agus leis an tsaíocht. Sa scéal, ‘An Bradán Feasa’ faigheann Fionn Mac Cumhaill a chuid saíochta ó bhradán.

Is é “An Bradán Feasa” an t-ainm atá ar chlub an Chomharchumainn i Ráth Chairn.

Tá baint ag an logainm “Léim an Bhradáin/*Leixlip*” leis an mbradán.

Bíonn an-tóir ar bhradáin mar bheatha mara. Is féidir an bradán a dheatú (bradán deataithe).

íomhánna: <http://www.marine.ie>


Gníomhaíochtaí

Duaithníocht (*Camouflage*) agus an Bradán

Tá tú chun **cluiche a imirt le do rang faoi dhuaithníocht**. Beidh ar na páistí pictiúir den bhradán ag staideanna éagsúla ina shaolré a dhathú. Cuirfidh tú na pictiúir in áiteanna oiriúnacha sa seomra a fholaíonn na dathanna, mar shampla d'fhéadfá bradán fásta a chur ar dhoirteal airgid. Beidh ar ghrúpaí de na páistí na bradáin éagsúla a aimsiú agus an duaithníocht a phlé.

In obair bheirte, pléigh na nithe a bheidh ag teastáil uait chun an cluiche a eagrú. Cén foclóir Gaeilge a bheidh ag teastáil uait chun an cluiche sin a eagrú?

AN BRADÁN FEASA Léigh agus Pléigh



Tá leaganacha éagsúla de *An Bradán Feasa* ar fáil i nGaeilge do pháistí. In obair bheirte, léigh ceann amháin agus pléigh a fhiúntas mar áis. Cén úsáid a d'fhéadfá a bhaint as le rang sinsearach? Cén ghníomhaíocht a bhunófa ar an leabhar?

e-leabhar:

<http://www.askaboutireland.ie/reading-room/digital-book-collection/talking-ebooks/scealta/an-bradan-feasa/>

Smugairle Róin Coiteann

iomhá: <http://www.unseenwildlife.blogspot.com>



Ainm

Smugairle =
thick spittle
Rón = seal

Cur síos

Tá an smugairle róin trédhearcach (*transparent*) ach bíonn na dathanna gorm agus corcra le feiceáil air.

Bíonn siad coitianta go leor ar chósta na hÉireann ó Aibreán go Meán Fómhair nuair atá an t-uisce níos teo.

Itheann siad planctón agus éisc bheaga

Na fáinní corcra ar an mbarr, is iad sin na baill shíolraithe (*reproductive organs*).

Na braiteoga (*tentacles*) fada ag an mbun, is iad sin an béal.

Eolas Spéisiúil Eile

Tá cealga nimhneacha sna braiteoga.

Níl aon rud cruá ina chorp mar chnámha.

Uaireanta, feictear go leor acu ar an trá mar ní bhíonn siad in ann troid in aghaidh na dtionta. Rachaidh siad pé áit a dtabharfaidh na tionta iad.

Gníomhaíochtaí

Sliocht as Dán le Gabriel Rosenstock Léigh agus Pléigh

Smugairle Róin

(Rosenstock, Gabriel, *Dánta Duitse!*, Cló Iar-Chonnacht, 1988, lch 23)

Cén fáth a bhfuil tusa ag déanamh bróin,

A smugairle róin?

Cén fáth a bhfuil tusa ag déanamh bróin?

Cé dúirt go bhfuil mise ag déanamh bróin?

Arsa an Smugairle róin.

Cé dúirt go bhfuil mise ag déanamh bróin?...

Tá mé i mo shuí ar mo thóin,

arsa an smugairle róin,

ag ithe mo lóin is ag déanamh bróin

agus beidh mé anseo go dtí – fan go bhfeicfidh mé

ó...leath uair tar éis a ceathair, ar a laghad, san iarnóin.

Gníomhaíocht do Pháistí

Déan Smugairle Róin

In obair bheirte, pléigh na nithe a bheadh ag teastáil uait chun smugairlí róin a dhéanamh leis na páistí i do rang.

Cén foclóir Gaeilge a bheadh ag teastáil?

An bhfuil aon rud a d'fhéadfá a úsáid in áit an bhabhla chun nádúr glóthaí an smugairle róin a léiriú níos fearr?

Íomhá: <http://www.firstpalette.com>



Gliomach

Cur Síos

Tá dath dúghorm air le paistí oráiste.

Bíonn dath dearg-oráiste air nuair a bhíonn sé bruite.

Iasc oíche is ea é, fanann sé i bhfolach i rith an lae.

Siúlann sé ar ghrinneall na farraige

Itheann an gliomach iasc marbh, portáin agus gliomaigh óga.

Is maith leis cónaí i bpoill i gcarraigeacha agus i bpluaiseanna.

Fásann siad trí fholadh (*moulting*) – cuireann sé de a shliogán agus fásann ceann níos mó.



Íomhá:

<http://www.commons.wikimedia.org>

Saolré

Coinníonn an gliomach bainneann a huibheacha faoina heireaball ar feadh naoi mí.

Ligeann sí amach san uisce ansin iad agus bíonn siad mar chuid den phlanctón ar feadh píosa.

Nuair a fhásann siad titeann siad go grinneall na farraige agus ceaptar go dtochlaíonn siad isteach sa ghaineamh chun dul i bhfolach go dtí go mbíonn siad mór go leor.

Eolas Spéisiúil Eile

Bruitear gliomaigh agus iad fós beo chun a bheith cinnte go bhfuil siad úr le hithe.

Bíonn an-tóir ar gliomaigh mar bheatha mara i mbialanna.

Úsáidtear an focal gliomach in ainmneacha, uaireanta, ‘An Pota Gliomach’ an t-ainm atá ar theach tábhairne i nGaillimh – éasca dul isteach ann, an-deacair teacht amach!



Gníomhaíochtaí

Suíomh: Fear agus bean amuigh i mBialann Bheatha Mara le haghaidh béile. Tagann an freastalaí chucu. Ordaíonn an fear faochain don chéadchúrsa agus gliomach don phríomhchúrsa. Ordaíonn an bhean carraigín don mhilseog. I **rólimirt**, cuireann an fear agus an bhean go leor ceisteanna ar an bhfreastalaí faoi na béilí atá á n-ordú acu. Cabhróidh an t-oideas thíos libh.

An Pota Gliomach

Biachlár

Mar Thús

Seabhdar de bhia mara an Atlantaigh
Cróicéid bheaga de thosc
Faochain le harán gairleoige
Pióg de dhiúilicíní Chonamara

Príomhchúrsa

Filléad de bhreac griollta
Stéig de cholgán le basal, líomóid agus miontas
Gliomach na Gaillimhe le hanlann ime
Cácaí portáin le hanlann Silí milis
Trosc faoi fhuidreamh beorach agus sceallóga

Sailéid

Trinsiúr de bhia mara
Trinsiúr de bhradán dairdheatithe

Ar an Taobh

Glasraí úra ón ngairdín
Prátaí óga

Milseoga

Maróg charraigín le sméara dubha agus uachtar
Pióg úll traidisiúnta le custard
Glóthach de dhéantús baile agus uachtar reoite
Scoilteog bhanana

Deochanna Te


Tae
Caife
Cappuccino
Caife Gaelach

Tiocfaidh tú ar eolas, théarmaíocht agus ghníomhaíochtaí faoin iasc mar bhia ag:

<http://www.somethingfishy.ie/childiris/h/ceacht7/ceacht7index.htm>


Póstaer de Ghliomach

Tá tú chun úsáid a bhaint as an bpictiúr thíos chun póstaer de ghliomach a dhéanamh. In **obair bheirte**, pléigh na dathanna a chuirfidh tú ar na codanna éagsúla den ghliomach. Bain úsáid as áiseanna foclóireachta ar líne chun téarmaíocht Ghaeilge do na codanna éagsúla den ghliomach a aimsiú. Feic, freisin, clúdach cúil: Forey, Pamela & Fitzsimons, Cecilia, *Cladach & Farraige: Eolaí Póca*, An Gúm, 1996.



Pictiúr priontáilte ó *On the Water's Edge*, DVD d'ábhar idirghníomhach a d'fhoilsigh Sherkin Island Marine Station, 2006.

Colgán



íomhá: <http://www.bim.ie>

Cur Síos

Is iasc an-annamh é an colgán i bhfarraigí na hÉireann.

Is fearr leis uiscí teo na trópaicí ach, sa samhradh, téann siad ar imirce go farraigí níos fuaire agus is é sin an fáth go dtagann iascairí Éireannacha trasna orthu anois agus arís.

Is iasc an-mhór é an colgán.

Tá dath airgead-dubh nó airgead-donn, uaireanta, ar an mbarr agus tá dath uachtair ar an mbolg. Tá súile móra ag an gcolgán ach níl aon fhiacra aige.

Úsáideann an colgán a shrón fhada chun éisc mhóra a mharú.

Itheann an colgán éisc bheaga, freisin, ar nós an ronnaigh agus an scadáin. De ghnáth, itheann siad san oíche.

Maireann siad in uiscí doimhne an aigéin ach is maith leo a bheith gar do bharr na farraige, freisin, agus léimeann siad amach as an uisce uaireanta, cosúil leis an mól mór

Eolas Spéisiúil Eile

Is iasc neamhspleách é an colgán agus ní shnámhann sé i scoileanna.


Is snámhóir iontach é an colgán. Tá an-luas aige agus é ag snámh. Is féidir leis snámh ag luas d'ochtó ciliméadar san uair.

Tá an-tóir ar cholgán mar bheatha mara i mbialanna.

Is é an t-ainm atá orthu sa Laidin ná '*xiphias gladius*'. Ciallaíonn 'gladius' 'claíomh'. Is ón bhfréamh chéanna a thagann an focal '*Gladiator*'.

Tá orgáin speisialta gar dá shúile ag an gcolgán a choinníonn a inchinn agus a shúile te in uisce fuar. Cuireann sé sin go mór le radharc na súl.

Gníomhaíochtaí



Ag Caint Faoi Leabhar sa Seomra Foirne

Léigh an leabhar *Cócó an Colgán Cairdiúil* (le hAilbhe Nic Giolla Bhríghde agus maisithe ag Brian Fitzgerald, Futa Fata, 2010). Is leabhar do pháistí é faoi cholgán. Ansin déan rólímirt.

Suíomh: Tá tú féin agus múinteoir eile sa seomra foirne. Cuireann an múinteoir eile ceist ort faoin leabhar thuas. Tugann tú cuntas ar an leabhar agus ar a fhiúntas mar áis d'ábhair éagsúla.

Ag Caint le do Dheirfiúr ar an bhFón

I mbeirteanna, déan rólímirt:

Suíomh: Cuireann do dheirfiúr glao ort agus teastaíonn uaithi stéigeacha colgáin a chócaráil. Insíonn tú di conas an t-oideas thíos a dhéanamh.

Colgán Griollta le Líomóid, Miontas agus Basal

Aistrithe agus curtha in oiriúint ó <http://www.foodnetwork.com>

Comhábhair

- ½ Cupán d'ola olóige
- 3 Spúnóg bhoird de mhiontas úr
- 3 Spúnóg bhoird de shú líomóide
- Clóbh gairleoige (mionaithe)
- Spúnóg bhoird de bhasal úr
- Salann agus piobar
- 4 stéig de cholgán

Cur Chuige

1. Cuir an gríosacán ar siúl (measartha/an-te).
2. Gread an ola, an miontais, an sú líomóide, an basal agus an ghairleog i mbabhla.
3. Cuir salann agus piobar sa mheascán.
4. Scuab an colgán le dhá spúnóg bhoird den mheascán.
5. Cuir na stéigeacha faoin ngríosacán (thart ar thrí nóiméad ar gach taobh)
6. Cuir na stéigeacha ar an bpláta agus cuir an chuid eile den mheascán orthu le spúnóg.



Foinsí

(Moltar do gach Coláiste Gaeltachta cóipeanna de na leabhair seo a chur ar fáil do mhic léinn oideachais)

- Devlin, Zoë, *The Wildflowers of Ireland: A Field Guide*, The Collins Press, 2014.
- Dorgan, Christy, *Irish Birds their Nests and Eggs*, Carraig Print Ltd., 2008.
- Forey, Pamela & Lindsay, Ruth, *Luibheanna Leighis: Eolaí Póca*, An Gúm, 1997.
- Forey, Pamela, & Fitzsimons, Cecilia, *Bláthanna Fiáine: Eolaí Póca*, An Gúm, 1996.
- Forey, Pamela & Fitzsimons, Cecilia, *Cladach & Farraise: Eolaí Póca*, An Gúm, 1996.
- Guiry, Michael, *A Catalogue of Irish Seaweeds*, Koeltz Scientific Books, 2012 (is féidir an leabhar a ordú ag <http://www.seaweed.ie>).
- Lawrence, Eleanor & Harniess, Sue, *Sliogáin: Eolaí Póca*, An Gúm, 1997.
- Lambert, Mike & Pearson, Alan, *Éin: Eolaí Póca*, An Gúm, 1996.
- Mac Ginneá, Mícheál & Ní Nuadháin, Mairéad, *Dúlra agus Dúchas: Our Heritage*, An Gúm, 1979, 1993.
- Madden, Paddy, *Go Wild at School*, An Tríú hEagrán, School Wildlife Garden Association, 2011.
- McNally, Tony, *Dialann Dúlra*, Gaelink, 2010.
- McNally, Tony, *Seoda Faoi do Chosa*, Gaelink, 2011.
- Ó Ruairc, Con, *Dúlra Oileáin Árann*, Cois Life, 2011.
- Ó Ruairc, Con & Hardiman, Deirdre, *Féilire 2012: Dúlra Oileáin Árann*, Cois Life, 2011.
- Rialtas na hÉireann, *Curaclam na Bunscoile: Eolaíocht. Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíocht*, Oifig an tSoláthair, 1999.
- Sherkin Island Marine Station, *Wild Flowers: Colouring & Guide Book*, Sherkin Island Marine Station, 2001.
- Sherkin Island Marine Station, *Sea Life: Colouring & Guide Book*, Sherkin Island Marine Station, 2003.
- Sherkin Island Marine Station, *Birds: Colouring & Guide Book*, Sherkin Island Marine Station, 2002.
- Sherkin Island Marine Station, *My Nature Diary*, Sherkin Island Marine Station, 1997.
- Sherkin Island Marine Station, *On The Water's Edge*, DVD, Sherkin Island Marine Station, 2001.
- Uí Chonchubhair, Máirín & Ó Conchúir, Aodán, *Flóra Chorca Dhuibhne*, Oidhreacht Chorca Dhuibhne, 1995.
- Wilson, Jim & Carmody, Mark, *The Birds of Ireland: A Field Guide*, The Collins Press, 2013.

Áiseanna d'O.S.I.E. atá ar fáil saor in aisce ar líne

(Feic, *Oscail & Léigh: Áiseanna Teagaisc Ghaeilge*, An Chomhairle Um Oideachais Gaeltachta & Gaelscolaíochta, Eag. 2 Samhain 2012 agus *Liosta Iomlán Áiseanna agus Acmhainní Teagaisc*, An Chomhairle Um Oideachais Gaeltachta & Gaelscolaíochta, Eag. 8, Samhain, 2011)

Póstaeir, cluichí idirghníomhacha agus eolas eile:

Enfo ag: <http://www.askaboutireland.ie/>

Reading Room, An Timpeallacht ag: <http://www.askaboutireland.ie/>

Learning Zone ag: <http://www.askaboutireland.ie/>

Bileoga, pleananna ceachta turgnaimh, quizeanna faoin Aimsir:

<http://www..met.ie>

Tá an **nuachtlitir** www.naturesweb.ie a fhoilsíonn Sherkin Island Marine Station á haistriú go Gaeilge agus tá sí ar fáil ag:

http://www.gaeilge.ie/ForasnaGaeilge/An_Bhunscoil.asp

Deis a bheith páirteach i bhfíorthaighde faoi chomharthaí an earraigh (roghnaigh 'Gaeilge' ag an mbarr):

<http://www.greenwave.ie>

Suíomh idirghníomhach do mhúinteoirí agus do pháistí faoi uisce, éisc agus bhia:

<http://www.somethingfishy.ie>

Pacáiste acmhainne, ceachtanna agus treoracha i nGaeilge:

www.primaryscience.ie

Suíomhanna Idirlín a Ceadaíodh

<http://www.21stcenturnaturalist.blogspot.com>
<http://www.anirishanglersworld.com>
<http://www.antoireachtas.ie/>
<http://www.askaboutireland.ie>
<http://www.balls.ie/gaa/travel-ireland/>
<http://www.bim.ie>
<http://www.bugbotherer.org.uk>
<http://www.cavinguk.co.uk>
<http://www.christopherjohnstone.blogspot.com>
<http://www.clubleabhar.com>
<http://www.cogg.ie>
<http://www.coislife.ie>
<http://www.commons.wikimedia.org>
<http://www.connemaraseafoods.com>
<http://www.dailymail.co.uk>
<http://www.dartmoorcam.co.uk>
<http://www.edible-ireland.com>
<http://www.en.wikipedia.org>
<http://www.featherandfur.blogspot.com>
<http://www.feedyourbirds.co.uk>
<http://www.firstpalette.com>
<http://www.flmnh.ufl.edu>
<http://www.focal.ie>
<http://www.foclóir.ie>
<http://www.foodnetwork.com>
<http://www.forknplate.com>
<http://www.futafata.co>
<http://www.ga.wikipedia.org>
http://www.gaeilge.ie/dynamic/file/lamhleabhar_bia.pdf
<http://www.gallery.nen.gov.uk>
<http://www.garraijohnnymhorgan.blogspot.com>
<http://www.greenwave.ie>
<http://www.haworth-village.org.uk>
<http://www.heritageinschools.ie>
<http://www.irishislands.info>
<http://www.irishtimes.com/weather/tides/html>
<http://www.izzy28.edublogs.org>
<http://www.logainm.ie>
<http://www.marine.ie>
<http://www.marlin.ac.uk>
<http://www.met.ie>
<http://www.nomadsofthetides.blogspot.com>
<http://www.people.howstuffworks.com>
<http://www.publicdomainpictures.net>
<http://www.pznw.co.uk/marine/crabs.html>
<http://www.rspb.org.uk>
<http://www.rte.ie/rnag/>
<http://www.salmonfromnorway.com>
<http://www.scribhneoirioga.blogspot.com/>
<http://www.seafoodatlantic.blogspot.com>
<http://www.seaweed.ie>
<http://www.seomraranga.com/gaeilge.htm>
<http://www.silverinktree.com>

<http://www.somethingfishy.ie>
<http://www.spearfishing.ie>
<http://www.takemefishing.org>
<http://www.tastingtable.com>
<http://www.teagascnagaeilge.ie>
<http://www.tg4.ie>
<http://www.theguardian.com>
<http://www.thesaltyscavenger.blogspot.com>
<http://www.touristbee.com>
<http://www.trekearth.com>
<http://www.uk-fish.info>
<http://www.unseenwildlife.blogspot.com>
<http://www.wildflowersofireland.net>
<http://www.wildshores.blogspot.com>
<http://www.worksheets.theteacherscorner.net>
<http://www.yourdictionary.com>

Aguisín

Ceistiúchán do Mhic Léinn ag Tús an Chúrsa (Líon isteach agus greamaigh i d'Fhillteán Foghlama)
1. Cuir tic sa bhosca cuí: An Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht <input type="checkbox"/> An Dara Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht <input type="checkbox"/>
2. Ainm an Mhic Léinn:
3. Ainm an Choláiste Oideachais:
4. Ainm an Choláiste Ghaeltachta:
5. Dátaí an Chúrsa Ghaeltachta:
6. Léigh na habairtí seo a leanas thíos. Cén ceann de na habairtí, (a), (b) nó (c) is mó a chabhródh leat barr feabhais a chur ar do chumas sa Ghaeilge? ____. Cén aidhm phearsanta atá agat féin agus tú ag tosú ar an gCúrsa Gaeltachta seo? Cuir tic sa bhosca cuí. (a) Gaeilge a labhairt sna seisiúin fhoirmiúla amháin agus le fear agus bean a' tí. <input type="checkbox"/> (b) Gaeilge a labhairt sna seisiúin fhoirmiúla, le fear agus bean a' tí agus leis na mic léinn eile sa teach. <input type="checkbox"/> (c) Gaeilge a labhairt an t-am ar fad, o thús deireadh an lae, i ngach áit agus le gach duine - sna seisiúin fhoirmiúla, le gach duine sa teach (fear agus bean a' tí, na mic léinn eile), ar an mbóthar, ag cluichí, ag an gcéilí, sa siopa agus nuair a bheidh mé amuigh go sóisialta. <input type="checkbox"/>

**Ceistiúchán do Mhic Léinn ag Deireadh an Chúrsa
(Líon isteach agus greamaigh i d'Fhillteán Foghlama)**

1. Cuir tic sa bhosca cúí:

An Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht

An Dara Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht

2. Ainm an Mhic Léinn:

3. Ainm an Choláiste Oideachais:

4. Ainm an Choláiste Ghaeltachta:

5. Dátaí an Chúrsa Ghaeltachta:

6. Cén ceann de na habairtí thíos a dhéanann cur síos cruinn ar an méid Gaeilge a labhair tú sa Ghaeltacht? Cuir tic sa bhosca cúí.

(a) Labhair mé Gaeilge sna seisiúin fhoirmiúla amháin agus le fear agus bean a' tí.

(b) Labhair mé Gaeilge sna seisiúin fhoirmiúla, le fear agus bean a' tí agus leis na mic léinn eile sa teach.

(c) Labhair mé Gaeilge / Rinne mé iarracht Gaeilge a labhairt an t-am ar fad, o thús deireadh an lae, i ngach áit agus le gach duine - sna seisiúin fhoirmiúla, le gach duine sa teach (fear agus bean a' tí, na mic léinn eile), ar an mbóthar, ag cluichí, ag an gcéilí, sa siopa agus nuair a bhí mé amuigh go sóisialta.